



Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha

Cad í an Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha?

Tá an Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha (SDPP) á reáchtáil ag an Roinn agus tá sí ceaptha le feidhmiú mar chloch chora chun na hoibre lánaimseartha. Ceadáíonn sí do dhaoine áirithe atá dífhostaithe le fada dul i mbun oibre páirtaimseartha agus liúntas seachtainiúil ar leith a fháil in ionad a n-íocaíochta cuardaitheora poist. Ní mór do dhaoine sa SDPP a bheith ar fáil chun an obair lánaimseartha a dhéanamh agus a bheith ag lorg na hoibre lánaimseartha le linn dóibh an íocaíocht a fháil.

Cé atá intofa?

Tá tú intofa chun páirt a ghlacadh sa SDPP má fhaigheann tú obair pháirtaimseartha ar feadh níos lú ná 24 huairé sa tseachtain agus díreach roimhe sin:

- má fuair tú Liúntas fadtréimhseach Cuardaitheora Poist (is é sin go bhfuair tú íocaíocht cuardaitheora poist ar feadh 15 mhí nó ní ba mhó ná sin),
 - má fuair tú Liúntas seachtainiúil Cuardaitheora Poist de €122.20 ar a laghad má tá tú singil nó de €199.20 má fhaigheann tú méadú um dhuine fásta cáilithe, méadaíonn sé seo go €125.40 do ráta an duine shingil agus €204.50 do lánúin ón 21 Márta 2018.
- agus
- má gheallann tú go bhfanfaidh tú sa scéim go ceann 2 mhí.

Ní foláir nó gur dócha go mairfidh an post páirtaimseartha a gheobhaidh tú dhá mhí ar a laghad agus go mbeidh sé inárachaithe ar Aicme A nó J den ÁSPC. Má thuilleann tú €38.00 nó níos mó sa tseachtain, beidh sé inárachaithe ar Aicme A. Má thuilleann tú níos lú ná €38.00, beidh sé inárachaithe ar Aicme J.

Má fhaigheann tú obair lánaimseartha, ní ceadmhach duit filleadh ar an SDPP is cuma cé chomh gairid a bhí

tréimhse d'oibre lánaimseartha.

Más duine féinfhostaithe (agus feirmeoir beag san áireamh) thú, níl tú intofa don scéim seo.

Conas páirt a ghlacadh

Nuair a bheadh an post páirtaimseartha faighte agat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil chun iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh sa SDPP. Iarrfar ort an fhoirm iarratais **PTJI 1** a líonadh d'fhonn sonraí de d'fhostaíocht pháirtaimseartha a thabhairt.

Cé mhéid airgid atá sa liúntas?

In ionad do ghnáthíocaíochta dífhostaíochta, gheobhaidh tú faoi láthair liúntas seachtainiúil:

- €122.20 sa tseachtain má tá tú singil,
- €199.20 sa tseachtain má tá méadú um dhuine fásta cáilithe á fháil agat.

Méadaíonn sé seo go €125.40 do ráta an duine shingil agus €204.50 do lánúin ón 21 Márta 2018.

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar na rátaí reatha, tabhair cuairt, le do thoil, ar **www.welfare.ie**

Tabhair faoi deara

Ní thugtar aon mhéadú sna rátaí seo i leith leanáí cáilithe.

Tá an liúntas iniúchta gan spleáchas ar an airgead a thuilleann tú i do phost. Gearrfar cáin ar do phá sa ghnáthshlí, áfach.

Conas a íoctar an liúntas?

Íoctar an liúntas gach seachtain trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) le do chuntas bainc.

Ní mór duit agus do d'fhostóir foirm **PTJI 2** a líonadh i ndeireadh gach tréimhse ceithre seachtaine. Tá sé seo riachtanach chun a dheimhniú gur oibrigh tú ní ba lú ná 24 huairé gach seachtain agus go bhfostaítear ar bhonn inárachaithe thú.

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta

agus Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

• Logáil isteach ar www.welfare.ie.

• Guthán: **071 919 3302**

Íosghlao: **1890 66 22 44**

Má tá tú ag gloch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+353 71 91 93302**.

• Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, d'Oifig Chraoibhe áitiúil nó do Lárionad Intreo áitiúil.

Chun aon bhriseadh i d'íocaíocht a sheachaint, moltar duit an fhoirm líonta a chur ar ais go pras chuig do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil.

Conas a rachaidh an rannpháirteachas i bhfeidhm ar theidlíochtaí sa todhchaí?

Má tá ranníocaíocht ÁSPC atá curtha chun sochair/creidmheasa á fháil agat roimh duit dul ar an SDPP leanfaidh tú de 'chreidmheas' a fháil i leith gach seachtaine nach n-íocann tú ranníocaíocht Aicme A i do phost páirtaimseartha le linn duit a bheith sa scéim. Má íocann tú ranníocaíochtaí Aicme A i do phost páirtaimseartha, bainfidh tú an sochar iomlán as an ranníocaíocht sin.

Cad a tharlóidh nuair a chríochnóidh mé an SDPP nó nuair a thiocfaidh deireadh le mo phost?

Féadfaidh tú athcháiliú don Liúntas fadtréimhseach Cuardaitheora Poist fad is nach dtiocfaidh aon athrú ar do dhálaí (seachas an post páirtaimseartha a chríochnú). Mar mhalairt air sin, féadfaidh tú cáiliú don Sochar Cuardaitheora Poist má tá do dhóthain ranníocaíochtaí ÁSPC agat.

Ní íoctar sochair thánaisteacha, áfach, (mar shampla, Liúntas Breosla, Bónas na Nollag) ach má tá tú ar Liúntas fadtréimhseach Cuardaitheora Poist. Féadfaidh tú Liúntas nó Sochar Cuardaitheora Poist a éileamh, cibé ceann is fearr leat. Ní íoctar sochair thánaisteacha i dtaca leis an Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha (SDPP).

Cá fhad is féidir fanacht sa SDPP?

I dtosach, is féidir leat fanacht sa SDPP ar feadh bliana. Féadfar an scéim a shíneadh go ceann tréimhse breise. Le linn duit a bheith sa scéim, ba chóir duit leanúint de bheith ag lorg na hoibre lánaimseartha.

An bhfuil sochair bhreise le fáil?

Cárta Leighis

Coimeádfaidh tú do chárta leighis go ceann ré na Scéime Dreasachta Poist Pháirtaimseartha, gan beann ar do thuilleamh (suas le huasmhéid 3 bliana).

Conas is ceart iarratas a dhéanamh?

Líon foirm iarratais ar **PTJI 1** agus cuir ar ais í chuig do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil.

Beidh an Cásbhainisteoir san áit sin in ann a thuilleadh eolais ar an Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha agus ar cibé roghanna eile a bheidh ar fáil a thabhairt duit.

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha a fháil, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.